2025/459

11.3.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/459 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Márta 2025

lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2410 an lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le déiníteafúrán lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/416 ón gCoimisiún ([2]) formheasadh déiníteafúrán go dtí an 31 Bealtaine 2022 mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin ('an formheas').

(2) An 11 Samhain 2020 cuireadh iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le déiníteafúrán lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 ('an t-iarratas'). Is é údarás inniúil na Beilge a rinne meastóireacht ar an iarratas.

(3) De bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1286 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh ar atráth go dtí an 30 Samhain 2024 dáta éaga an fhormheasa maidir le déiníteafúrán lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 chun go mbeadh am leordhóthanach ann chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas. Cuireadh an dáta éaga sin ar atráth go dtí an 30 Samhain 2025 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2410 ón gCoimisiún ([4]).

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/457 ón gCoimisiún ([5]), rinneadh athnuachan ar an bhformheas maidir le déiníteafúrán lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18, faoi réir na gcoinníollacha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, lena n-áirítear dáta éaga an fhormheasa. Dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2410 ón gCoimisiún lena gcuirtear ar atráth dáta éaga tosaigh an fhormheasa maidir le déiníteafúrán, is iomchuí é a aisghairm,

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/416 ón gCoimisiún an 12 Márta 2015 lena bhformheastar déiníteafúrán mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 (IO L 68, 13.3.2015, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/416/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1286 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2021 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le déiníteafúrán a úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 (IO L 279, 3.8.2021, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1286/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2410 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2024 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le déiníteafúrán lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/2410, 16.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2410/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/457 ón gCoimisiún an 10 Márta 2025 lena ndéantar athnuachan ar an bhformheas maidir le déiníteafúrán mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/457, 11.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/457/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2410.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Márta 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN